Geabh an séad-sa, a Mhuire mhór

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 22]

Don Mhaighdin Mhuire

1 [Geabh] an séad-sa a Mhuire mhór
a éasga as ghloine ná an ghrian
foillsigh t'ionmhuine as dún
a chúl chas fhionn-bhuidhe fhiar.

2 A-tá ró bairr-ghile id bhais
a ógh as ainglidhe feis
[báidh] [red] chorr-abhlaibh cúil chais
fan súil nglais ndonn-abhraigh ndeis.

3 A-tá id bhéal ra-thana róis
a bhan-chara nar bhréag sbéis
déad mar lile nar chealg cúis
gnúis dhearg as ghile ná géis.

4 A-tá taobh t'ochta mar aol
is t'fholt ar aondath 's an t-ór
a ghéag bharr-thais as ghlan gníomh
do líon magh Parrthais dod phór.

5 A-tá leat caol-mhala cheart
a naomh-chara nar lean locht
ós ghruadh geil-te as [ríodha] [riocht]
is briocht seirce [tríodha] ag tocht.

6 Ní héidir áireamh do bhuadh
a déid-gheal as áille aobh
láimh ret oirnéimh [is geal] grian
a bhean nar iarr oilbhéim d'aon.

7 Díol red dhearbhráthair a dhán
a dheagh-mháthair Ríogh na ríogh
cuir a Mhuire ionn ar iúl
a shiúr fhionn as [ghloine] gníomh.

8 Ní [fhuair] don uile acht tú
a thruaill nar chruinnigh fé fia
Rí na [ruire] ó ráinig thú
dod chrú ráinig duine is Dia.

9 Ó tá agra an trom-gha trom
labhair dar gcomhdha ar an gcrann

a ríogh-bhuimeach nar [mhaidh] mionn
liom do thraigh mhíorbhuileach mhall.

10 An [dá ceart-] rann ’s a dó dhéag
deit a ógh nach geabhann grúg
cóir cuimhne ar a ceathair déag
geabhaidh mar shéad suirghe súd.

11 Fearann toghtha na sé sluagh
Míchéal ortha is é bhus tréan
do luach ar n-aisde [é] ón mhaor
mé saor ón ngaisde na ngéabh.    GEABH